



GA

Seoltar Clár Frithsceimhlitheoireachta ag Eurojust: Dlús á chur leis an bhfreagairt bhreithiúnach ar an sceimhlitheoireacht agus an fhreagairt sin á neartú

An Háig/An Bhruiséil, ... Meán Fómhair 2019

Seoladh Clár Frithsceimhlitheoireachta (Counter-Terrorism Register, CTR) ag Eurojust chun an fhreagairt bhreithiúnach ar bhagairtí sceimhlitheoireachta sna Ballstáit a neartú agus chun slándáil na saoránach a fheabhsú. Tháinig an Clár i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair, agus déantar príomheolas breithiúnach a lárú leis chun naisc a aimsiú in imeachtaí in aghaidh cúisithe cionta sceimhlitheoireachta. Tá an Clár á bhainistiú ag Eurojust sa Háig ar bhonn 24 uair an chloig, agus tugtar tacaíocht réamhghníomhach do na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha. Cabhróidh an t-eolas láraithe sin leis na hionchúisitheoirí comhordaigh le chéile níos gníomhacha agus na cúisithe nó na líonraí atá á bhfiosrú i gcásanna sonracha le impleachtaí féideartha trasteorann.

Dúirt Uachtarán Eurojust, an tUasal Ladislav Hamran: *“Is céim mhór chun tosaigh é an Clár Frithsceimhlitheoireachta sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta. Toisc go mbíonn sceimhlitheoirí ag obair níos mó agus níos mó i líonraí trasteorann sa lá atá inniu ann, caithfidh an tAontas Eorpach déanamh amhlaidh. Trí aiseolas tapa a thabhairt ar naisc thrasteorann idir imeachtaí breithiúnacha, beimid níos fearr ag comhordú agus ag cur dlús le gníomhartha in aghaidh amhrastaigh sceimhlitheoireachta. Tá tábhacht ollmhór ag baint leis an eolas ceart a bheith againn chun comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus neartófar an tAontas mar limistéar ceartais agus slándála.”*

Dúirt Frédéric Baab, Comhalta Náisiúnta na Fraince in Eurojust go dtí le deireanaí, agus an té a chuir tús leis an gClár Frithsceimhlitheoireachta: *“Nuair a bhímid ag troid in aghaidh na sceimhlitheoireachta, caithfidh na laigí agus lochtanna ar fad a sheachaint. Léirigh an taithí a fuaireamar sa chás a bhain leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta i bPáras agus Saint-Denis an 13 Samhain 2015 go dteastaíonn forléargas iomlán ar na himeachtaí breithiúnacha ar fad atá ar bun sna Ballstáit. Leis an gClár Frithsceimhlitheoireachta ag Eurojust, beidh an uirlis againn a theastaíonn uainn ar leibhéal oibríochta chun tacaíocht a thabhairt le comhordú na n-imscrúduithe i gcásanna sceimhlitheoireachta.”*

I ndiaidh na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta sa Fhrainc i bPáras agus Saint-Denis i mí na Samhna 2015, braitheadh naisc thrasteorann idir na cúisithe go láithreach. Ina dhiaidh sin, shocraigh an Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn, an Bheilg, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír gur cheart clár a bhunú ag Eurojust chun eolas breithiúnach a bhailiú faoi ghníomhaíochtaí agus líonraí sceimhlitheoireachta agus chun riachtanais chomhordaithe a shainaithint.

Bunaithe ar Chinneadh 2005/671/JHA ón gComhairle, bunaíodh clár le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpaigh, an Choiste Speisialta um Sceimhlitheoireacht i bParlaimint na hEorpa agus Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh. Tá gné idirnáisiúnta agus iltaobhach an chomhraic in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus an tábhacht a bhaineann le

comhroinnt eolais le feiceáil sa líon imeachtaí breithiúnacha atá ar bun a chuirtear in iúl do Eurojust, líon atá ag fás i gcónaí agus a raibh 580 imeacht i gceist in 2018.

Féadfaidh na Ballstáit go léir úsáid a bhaint as an Clár Frithsceimhlitheoireachta agus iarrtar orthu eolas faoi cúisithe agus cásanna a chlárú an mhí seo. Forbraíodh teimpléad speisialta agus comhaontaíodh na caighdeáin choiteanna don eolas a chaithfear a chur ar fáil, a chinntíonn go gcloífead leis na rialacha reatha ar fad faoi chosaint sonraí. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla an t-eolas don chlár ar fáil do Eurojust.

Is bunachar sainiúil é an Clár Frithsceimhlitheoireachta don Aontas Eorpach ar fad. Taifeadfar gach cineál gníomh sceimhlitheoireachta ann, agus tabharfar aghaidh ar an mbagairt a bhaineann le sceimhlitheoireacht neamh-jiohadach atá ag forbairt, grúpaí antoiseacha ar an eite dheis agus ar an eite chlé san Eoraip ina measc. Díróinn an Clár ar imeachtaí breithiúnacha go hiomlán agus ní bheidh aon fhorluí ann leis an anailís choiriúil a dhéanann Europol.